Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Samhain 2024
(OR. en)

15842/24

SOC 844
ANTIDISCRIM 160
EMPL 579
FREMP 431

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15547/24 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le cuimsiú sóisialta daoine faoi mhíchumas a chothú trí fhostaíocht, freastal réasúnta agus athshlánú<br>*- Formheas* |

1. D'ullmhaigh an Uachtaránacht tacar dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le 'cuimsiú sóisialta daoine faoi mhíchumas a chothú trí fhostaíocht, freastal réasúnta agus athshlánú'.

2. Rinne an Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta na conclúidí sin a scrúdú an 6 Meán Fómhair agus an 1 Deireadh Fómhair 2024.

3. An 22 Samhain 2024, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú ar thángthas air maidir leis na dréachtchonclúidí, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le 15547/24 iad.

4. Is ionann an téacs a chuirtear i láthair san Iarscríbhinn agus an téacs a dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe (15547/24), agus is é an t-aon difríocht atá ann easpa marcálacha formáidithe[1].

[1] Rinneadh na míreanna a athuimhriú go seicheamhach.

5. Iarrtar ar an gComhairle na dréachtchonclúidí, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad, a fhormheas.

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle**
**maidir le cuimsiú sóisialta daoine faoi mhíchumas a chothú trí fhostaíocht, freastal réasúnta agus athshlánú**

**AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT AICI:**

1. Is luachanna bunúsacha de chuid an Aontais Eorpaigh iad dínit an duine, an comhionannas agus an meas ar chearta an duine, mar a leagtar amach sa Chonradh ar an Aontas Eorpach agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Tá an tAontas tiomanta an t-eisiamh sóisialta agus an t-idirdhealú a chomhrac agus freisin tacú le cuimsiú daoine faoi mhíchumas.

2. Tá Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD) tugtha i gcrích ag an Aontas agus daingnithe ag na Ballstáit uile. Tá gealltanas tugtha ag na Páirtithe sa Choinbhinsiún gach beart éifeachtach is gá a dhéanamh chun a áirithiú go dteachtann daoine faoi mhíchumas cearta an duine agus saoirsí bunúsacha go hiomlán agus go cothrom, agus chun an teachtadh sin a chur chun cinn agus a chosaint, lena n-áirítear comhionannas a chur chun cinn agus toirmeasc ar idirdhealú. Áirítear leis sin inrochtaineacht agus freastal réasúnta araon a áirithiú i ngach réimse den saol, lena n-áirítear, mar shampla, oideachas agus oiliúint, fostaíocht, seirbhísí sóisialta agus tacaíochta agus cúram sláinte. Tá gealltanas tugtha ag na Páirtithe freisin seirbhísí agus cláir chuimsitheacha um shlánú agus athshlánú a bhunú, go háirithe i réimsí na sláinte, na fostaíochta, an oideachais agus na seirbhísí sóisialta, chomh maith le seirbhísí agus cláir lena gcuirtear an ceart cothrom chun maireachtála neamhspleáiche agus pobail. Tá gealltanas tugtha ag na Páirtithe freisin dul i ndlúthchomhairle le daoine faoi mhíchumas agus iad a rannpháirtiú go gníomhach i ndáil le forbairt agus cur chun feidhme próiseas reachtaíochta agus beartas a bhaineann leo, trína n-eagraíochtaí ionadaitheacha.

3. Is féidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta feidhmiú mar threoir i dtreo Eoraip atá cothrom, cuimsitheach agus lán deiseanna. Tá prionsabail uile an Cholúin ábhartha do dhaoine faoi mhíchumas, go háirithe Prionsabal 17 den Cholún, ina leagtar béim ar a thábhachtaí atá a gcuimsiú sóisialta.

4. Sainaithnítear sa Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030 ('Straitéis an Aontais um Míchumas') réimsí oibre a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo maidir le rochtain a fháil ar a gcearta ar bhonn comhionann le cearta daoine eile chomh maith le héagothromaíochtaí a chomhrac. Is é is aidhm do Straitéis an Aontais Eorpaigh um Míchumas feabhas a chur ar shaol daoine faoi mhíchumas trí ghníomhaíochtaí comhordaithe ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Cuireann sí béim ar a thábhachtaí atá sé cáilíocht mhaith saoil agus maireachtáil neamhspleách a áirithiú, dá bhfuil seirbhísí sóisialta, sláinte agus fostaíochta ar ardchaighdeán, tithíocht chuimsitheach atá saor ó bhacainní, foghlaim ar feadh an tsaoil agus cosaint shóisialta leordhóthanach bunriachtanach, chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le hinrochtaineacht, chun go bhféadfar cearta, neamhspleáchas agus comhionannas a theachtadh. Luaitear inti gur cheart do na Ballstáit agus d'institiúidí agus gníomhaireachtaí uile an Aontais riachtanais daoine faoi mhíchumas a chur san áireamh agus beartais, reachtaíocht agus cláir chistiúcháin á gceapadh, á gcur chun feidhme agus á bhfaire, trí ghníomhaíocht spriocdhírithe agus trí phríomhshruthú. Cuireann sí dearcadh trasnach chun cinn freisin.

5. Le Straitéis an Aontais um Míchumas, aithnítear go bhfuil sé ríthábhachtach rochtain ar phoist inbhuanaithe ardcháilíochta a chothú chun daoine faoi mhíchumas a chuimsiú go sóisialta agus iarrtar ar na Ballstáit sprioc a leagan síos, faoi 2024, chun ráta fostaíochta daoine faoi mhíchumas a mhéadú agus chun an bhearna idir rátaí fostaíochta daoine faoi mhíchumas agus daoine nach bhfuil faoi mhíchumas a laghdú. Ach aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, thacófaí leis an dul chun cinn i dtreo phríomhspriocanna agus spriocanna náisiúnta ráta fostaíochta 2030.

6. Mar cheann de sheacht dtionscnamh shuaitheanta Straitéis an Aontais um Míchumas, chuir an Coimisiún an Pacáiste Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas ar aghaidh – sraith treoirlínte agus cleachtas ina bhfuil céimeanna praiticiúla agus samplaí maidir le daoine faoi mhíchumas a earcú, a fhostú agus a choinneáil i bhfostaíocht. Le 'Freastal réasúnta ag an obair – treoirlínte agus dea-chleachtais' (ar a dtugtar 'na Treoirlínte' anseo feasta), cuirtear faisnéis, samplaí praiticiúla agus tagairtí ar fáil chun cabhrú le fostóirí freastal ar an riachtanas maidir le freastal réasúnta agus róil agus freagrachtaí gníomhaithe éagsúla a leagan amach, chomh maith leis na céimeanna éagsúla inar cheart an chóiríocht sin a chur ar fáil.

7. Leagtar amach an oibleagáid freastal réasúnta a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas i dTreoir 2000/78/CE lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha.

8. Aithnítear sa Mholadh ón gComhairle maidir le creatdálaí a fhorbairt don gheilleagar sóisialta gur féidir le heintitis an gheilleagair shóisialta poist ardcháilíochta a chruthú agus a choinneáil, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le cuimsiú sóisialta na ngrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus faoi ghannionadaíocht agus lena gcuimsiú sa mhargadh saothair, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, agus le comhionannas deiseanna a áirithiú do chách.

9. Chuir an Chomhairle i bhfios go láidir freisin, sna conclúidí ón gComhairle maidir leis an Straitéis um Chearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030, agus sna conclúidí ón gComhairle maidir le daoine faoi mhíchumas a chuimsiú i margadh an tsaothair, a glacadh in 2021 agus 2022 faoi seach, go bhfuil roinnt bacainní fós roimh dhaoine faoi mhíchumas maidir le rochtain a fháil ar mhargadh an tsaothair, a n-eascraíonn cuid acu as míthuiscintí maidir leis an gcostas a bhaineann le coigeartú san ionad oibre agus maidir le cóiríocht réasúnta a sholáthar. Leag sí béim freisin ar a thábhachtaí atá rochtain ar sheirbhísí cuimsitheacha athshlánaithe chun tacú le rannpháirtíocht i margadh an tsaothair. Dá bhrí sin, leag an Chomhairle béim ar a ríthábhachtaí atá sé cóiríocht réasúnta a áirithiú agus tacú le fostóirí an chóiríocht sin a chur ar fáil, agus d'iarr sí ar na Ballstáit fostaíocht daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn sa mhargadh saothair oscailte trí úsáid a bhaint as na huirlisí uile atá ar fáil, lena n-áirítear tríd an aistriú ón dífhostaíocht nó ón neamhghníomhaíocht chuig an margadh saothair oscailte a éascú trí athshlánú cuimsitheach agus trí theachtadh cothrom chearta na n-oibrithe, lena n-áirítear dóibh siúd atá i bhfostaíocht dhídeanach. Chun na críche sin, leagadh béim sna Conclúidí freisin ar an ngá atá le ról na bhfostóirí san fhostaíocht dhídeanach a aithint agus a chur chun cinn, chomh maith le ról na bhfiontar sóisialta, maidir le tacú leis an gcuimsiú forchéimnitheach agus leis an aistriú chuig an margadh saothair oscailte.

10. Tá aird tarraingthe ag Parlaimint na hEorpa freisin ar an iliomad dúshlán a bhaineann lena áirithiú go mbeidh cearta iomlána comhionanna ag daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear i réimse na fostaíochta agus an chuimsithe shóisialta agus eacnamaíoch. Chuir an Pharlaimint i bhfios go láidir go bhfuil an freastal réasúnta ar cheann de chearta daoine faoi mhíchumas agus mheas sí gur cheart ardú feasachta maidir leis an tsaincheist sin a chur chun cinn.

11. Sa tuairim uaidh, aithníonn Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (anseo feasta: CESE) dúshláin shuntasacha atá os comhair daoine faoi mhíchumas, go háirithe mná, go háirithe a mhéid a bhaineann le fostaíocht agus cuimsiú sóisialta. Luaitear inti freisin, cé go n-úsáidtear cineálacha malartacha fostaíochta go forleathan sna Ballstáit, gur gnách go mbíonn na rátaí aistrithe ó na cineálacha sin fostaíochta go dtí an margadh saothair oscailte an-íseal. Dá bhrí sin, molann CESE an t-aistriú chuig an margadh saothair oscailte trí chumhachtú, oiliúint agus oideachas, fiontraíocht agus tacaíocht san ionad oibre. Molann sé freisin go mbunófaí comhchiste le haghaidh cóiríocht réasúnta arna mhaoiniú ag fostóirí agus molann sé go gcomhlíonfaí na coinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha mar choinníoll do dhreasachtaí a bhaineann le Státchabhair. Luaitear inti freisin go bhfuil an teicneolaíocht agus an intleacht shaorga úsáideach chun fostaíocht daoine faoi mhíchumas a mhéadú. Leagtar béim sa tuairim ar a ríthábhachtaí atá na Treoirlínte a chur chun feidhme chun ionaid oibre chuimsitheacha a chruthú agus chun feasacht a mhúscailt maidir le fóirdheontais ábhartha.

12. De réir shuirbhé an Aontais Eorpaigh ar Staidreamh maidir le hIoncam agus Dálaí Maireachtála 2023 (SIDM-AE), dhearbhaigh sciar mór de dhaoine atá 16 bliana d'aois nó níos sine agus daoine atá in aois oibre (20-64 bliana d'aois) go bhfuil míchumas éadrom nó trom orthu (26.8 %[2] agus 19.4 %[3] faoi seach).[4]

---

2 24.3 % i gcás na bhfear agus 29.2 % i gcás na mban.
3 18.1 % i gcás na bhfear agus 20.8 % i gcás na mban.
4 https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/hlth_silc_20/default/table?lang=en; arna thomhas trí fhéindearbhú maidir le teorannú áirithe gníomhaíochta nó dianteorannú gníomhaíochta; ní fhéachann an suirbhé ach ar dhaoine atá ina gcónaí i dteaghlaigh phríobháideacha, agus ní bhailíonn sé faisnéis faoi institiúidí.

13. In 2023, dhearbhaigh 51.7 % [5]de dhaoine san Aontas atá 65 bliana d'aois nó níos sine[6] go raibh siad faoi mhíchumas[7]. I dTuarascáil 2024 maidir le hAosú, fuarthas amach go meastar go dtiocfaidh méadú ar sciar an daonra atá 65 bliana d'aois nó níos sine ó thart ar 20 % in 2019 go 30 % faoi 2070, agus meastar go dtiocfaidh méadú ar chion na ndaoine atá 80 bliain d'aois nó níos sine go 13 %, atá níos mó ná dhá oiread an fhigiúir atá ann faoi láthair. D'fhéadfadh sé go dtiocfadh méadú ar leitheadúlacht an mhíchumais mar thoradh ar an athrú déimeagrafach sin agus, dá bhrí sin, go mbeadh gá le cúnamh chomh maith le seirbhísí sóisialta agus tacaíochta.

14. Ina theannta sin, bunaithe ar na sonraí is déanaí atá ar fáil, ní raibh ach thart ar 50.9 % de dhaoine idir 20 agus 64 bliana d'aois faoi mhíchumas fostaithe in 2021, i gcomparáid le 74.8 % de dhaoine den aois chéanna nach bhfuil faoi mhíchumas[8]. De réir an Scórchláir Shóisialta, 21.5 pointe céatadáin[9] a bhí i mbearna fostaíochta na ndaoine faoi mhíchumas san Aontas in 2023, rud a léiríonn feabhas fíorbheag le 10 mbliana anuas, ó 22.7 pointe céatadáin[10] in 2014. Tá an bhearna níos mó do dhaoine faoi mhíchumas trom ná do dhaoine faoi mhíchumas measartha (36.5 pointe céatadáin i gcomparáid le 13.3 pointe céatadáin in 2023). Ar an gcaoi chéanna, de réir shuirbhé SIDM-AE, in 2023, bhí daoine faoi mhíchumas atá 16 bliana d'aois nó níos sine níos neamhchosanta ar bhaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta (28.8 %[11]) ná daoine nach bhfuil faoi mhíchumas (18.0 %[12]).[13] Ina theannta sin, léirítear i staidéir go bhfuil tuilleamh na mban agus na bhfear faoi mhíchumas níos ísle ná tuilleamh na ndaoine nach bhfuil faoi mhíchumas.[14]

---

5 48.5 % i gcás na bhfear agus 54.2 % i gcás na mban.
6 https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/hlth_silc_20/default/table?lang=en
7 Bhain ceistneoir SIDM-AE úsáid as an téarmaíocht 'teorainneacha seanbhunaithe féinbhraite i ngnáthghníomhaíochtaí mar gheall ar fhadhbanna sláinte'.
8 D'úsáid suirbhé SIDM-AE téarmaíocht na hIonstraime Uilíche maidir le Teorannú Gníomhaíochta (GALI).
9 23.2 pointe céatadáin i gcás na bhfear agus 19.1 pointe céatadáin i gcás na mban.
10 24.8 pointe céatadáin i gcás na bhfear agus 20.0 pointe céatadáin i gcás na mban.
11 27.5 % i gcás na bhfear agus 29.7 % i gcás na mban.
12 17 % i gcás na bhfear agus 19 % i gcás na mban.
13 https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/hlth_dpe010/default/table?lang=en
14 Innéacs Comhionannais Inscne 2023 – an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne: An tAontas Eorpach | Míchumas | Airgead | Neamhionannais thrasnacha | 2023 | An tInnéacs Comhionannais Inscne | An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (europa.eu)

15. Tá níos lú ban faoi mhíchumas ná fir faoi mhíchumas mar chuid den lucht saothair, i.e. fostaithe nó ag lorg fostaíochta[15]. Ina theannta sin, tá sciar níos airde de mhná faoi mhíchumas ag obair go páirtaimseartha[16].

16. Le blianta beaga anuas, níor tháinig aon mhéadú suntasach ar fhostaíocht daoine faoi mhíchumas sa mhargadh saothair oscailte. Leagadh béim in anailís Eurofound a foilsíodh in 2023 ar bhearnaí sa mhargadh saothair agus rátaí fostaíochta daoine faoi mhíchumas.[17] Fuarthas amach san anailís freisin go bhfuil grúpaí sóisialta áirithe fós faoi ghannionadaíocht i margadh an tsaothair, cé go bhféadfaí scód a ligean le lucht saothair an Aontais dá gcuirfí san áireamh iad agus go méadófaí an comhtháthú sóisialta. Trí bhacainní ar fhostaíocht a shárú do na grúpaí sin, d'fhéadfaí rannchuidiú go mór le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna, mar a léirítear i bPlean Gníomhaíochta an Choimisiúin maidir le ganntanais saothair agus scileanna san Aontas, ina sainaithnítear an easpa poist inoiriúnaithe, earcaíocht chuimsitheach agus oiliúint chuimsitheach mar bhacainní ar rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas sa mhargadh saothair.

**AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI AR AN MÉID SEO A LEANAS:**

17. Tá sé ríthábhachtach an ceart atá ag daoine faoi mhíchumas oibriú ar bhonn comhionann le daoine eile a aithint, a choimirciú agus a chur chun cinn, i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar amach i reachtaíocht infheidhme an Aontais agus in ionstraimí idirnáisiúnta.

18. Bíonn tionchar dearfach ag an éagsúlacht ar fheidhmíocht agus ar tháirgiúlacht na bhfostaithe. Is féidir le heagraíochtaí a bhfuil lucht saothair éagsúil acu réitigh éagsúla a cheapadh i leith a gcuid cúraimí agus dúshlán. Rannchuidíonn fostaithe ó chúlraí éagsúla trína n-eolas gairmiúil agus trína dtaithí ghairmiúil leis an oiriúnú do mhargaí athraitheacha agus do riachtanais chustaiméirí. Léiríonn cleachtais na mBallstát a bhailítear sna Treoirlínte freisin na héifeachtaí dearfacha a bhaineann le héagsúlacht fostaithe.

---

15 Tuairim: Lánpháirtiú sóisialta daoine faoi mhíchumas – Lánpháirtiú sóisialta daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil laghdú ar a gcumas oibre a chur chun cinn (SOC/807)

16 EIGE, Innéacs Comhionannais Inscne 2023 - https://eige.europa.eu/gender-equality-index/2023

17 Eurofound (2023). *Changing labour markets – How to prevent a mismatch between skills and jobs in times of transition – Background paper* [Margaí saothair atá ag athrú — Conas mí-oiriúint idir scileanna agus poist a chosc in aimsir an aistrithe — Páipéar cúlra], Eurofound, Baile Átha Cliath

19. Cé go bhfuil éagsúlacht shuntasach idir coincheapa beartais agus córais na mBallstát, mar a chuirtear i dtábhacht sa Straitéis Eorpach um Míchumas maidir le cearta daoine faoi mhíchumas, is í rannpháirtíocht san fhostaíocht an bealach is fearr chun neamhspleáchas eacnamaíoch agus cuimsiú sóisialta daoine faoi mhíchumas a áirithiú. Cé gur cheart go ndíreodh iarrachtaí chun fostaíocht daoine faoi mhíchumas a mhéadú ar fhostaíocht oscailte sa mhargadh saothair, tá socruithe malartacha lasmuigh den mhargadh saothair oscailte (e.g. ceardlanna dídeanacha, fostaíocht dhídeanach) ann i gcónaí. Tá éagsúlacht shuntasach idir na socruithe malartacha sin ar fud na mBallstát agus tá an ráta aistrithe ó na socruithe sin go dtí an margadh saothair oscailte an-íseal i bhformhór na mBallstát, in ainneoin na n-iarrachtaí Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a chomhlíonadh.

20. Is iomaí uirlis atá ag na Ballstáit chun tacú le rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas sa mhargadh saothair. Is féidir le beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair (e.g. athsciliú, uas-sciliú, seirbhísí athshlánaithe agus cúrsaí oiliúna) agus bearta eile (e.g. cúnamh pearsanta a chur chun cinn ag an obair, fostaíocht thacaithe, dámhachtainí cuimsitheacha post, córais chuótaí agus feachtais múscailte feasachta), chomh maith le tacaíocht don fhéinfhostaíocht, do ghnólachtaí nuathionscanta agus do chruthú fiontar sóisialta mar chuid den gheilleagar sóisialta, is féidir leis an méid sin tionchar dearfach a imirt agus feabhas a chur ar rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas i margadh an tsaothair agus sa tsochaí agus cóir chomhionann a chur chun cinn i margaí saothair.

21. Réamhchoinníoll riachtanach is ea inrochtaineacht ar an timpeallacht thógtha (lena n-áirítear áiteanna oibre), iompar (lena n-áirítear chuig áiteanna fostaíochta) agus faisnéis agus cumarsáid (lena n-áirítear teicneolaíochtaí agus córais) in éineacht le teicneolaíochtaí cúnta chun go gcaithfear go cothrom le daoine faoi mhíchumas agus chun go mbeidh siad rannpháirteach i margadh an tsaothair. Bunaítear prionsabal na hinrochtaineachta faoi UNCRPD agus aithnítear é i réimsí éagsúla de dhlí an Aontais, Treoir 2019/882 nó Treoir 2016/2102, mar shampla. Tacaítear le cur chun feidhme na hinrochtaineachta agus le soláthar oiliúna chun inniúlachtaí gairmiúla a fheabhsú trí thionscnamh suaitheanta ‘AccessibleEU’ an Choimisiúin.

22. Tríd an idirdhealú a chomhrac san ionad oibre, cothaítear rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas sa mhargadh saothair freisin.

23. Sonraítear sna Treoirlínte gur réamhchoinníoll í an inrochtaineacht maidir le rannpháirtíocht agus rochtain ar chearta agus, dá bhrí sin, gur dual don inrochtaineacht a bheith réamhbhreathnaitheach; os a choinne sin, is rud é an freastal réasúnta a thagann ina dhiaidh sin mar bhealach chun na bacainní atá fós ann a shárú agus mar fhreagairt ar cheanglais aonair.

24. Is ceanglas de chuid Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas é freastal réasúnta a áirithiú i ngach réimse den saol agus is bealach tábhachtach é chun comhdheiseanna a áirithiú agus fostaíocht a chur chun cinn sa mhargadh saothair oscailte. I gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, is idirdhealú é freastal réasúnta a dhiúltú. Mar sin féin, ní mór nach gcuirfeadh freastal réasúnta ualach díréireach ar an bhfostóir. I gcomhréir le dlí an Aontais[18], is bealach é freastal réasúnta chun tacú le rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas sa mhargadh saothair le go mbeidh siad ar bhonn cothrom le daoine eile. Is éard atá i gceist leis bearta iomchuí a dhéanamh, nuair is gá i gcás ar leith, chun cur ar chumas duine faoi mhíchumas rochtain a fháil ar fhostaíocht, páirt a ghlacadh i bhfostaíocht nó dul chun cinn a dhéanamh i bhfostaíocht, nó dul faoi oiliúint.

25. Ní thagann aon oibleagáid chun freastal réasúnta a chur ar fáil chun cinn go dtí go ndéantar iarraidh ar an bhfreastal sin nó go dtagann an gá atá leis chun solais.[19] Is féidir an oibleagáid sin a chur chun feidhme trí roinnt forálacha, mar a chuir an Coimisiún in iúl sna Treoirlínte. Cé go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta le blianta beaga anuas, tá dúshláin shuntasacha ann i gcónaí maidir lena chur chun feidhme san ionad oibre, lena n-áirítear sna próisis iarratais nó earcaíochta, i gcleachtais oibre nó in athruithe ar an timpeallacht oibre. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach feasacht a mhúscailt i measc fostóirí maidir leis an tacaíocht airgeadais agus na liúntais atá ar fáil sna Ballstáit.

[18] Airteagal 5, Treoir 2000/78/CE ón gComhairle.
[19] An Coiste um Chearta Daoine faoi Mhíchumas, barúil ghinearálta Uimh. 6 (2018), mír 24(b).

26. Tá bacainní suntasacha fós roimh dhaoine faoi mhíchumas maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí, mar shampla oideachas, oiliúint, comhairleoireacht saothair agus ionduchtú saothair, athshlánú, cosaint shóisialta chomh maith le seirbhísí agus cláir um maireachtáil go neamhspleách nó sa phobal, i measc rudaí eile mar gheall ar inrochtaineacht neamhleor ar sheirbhísí príomhshrutha agus ar thacaíocht, chomh maith le hinfhaighteacht neamhleor teicneolaíochtaí cúnta. Is gné thábhachtach den mhargadh saothair agus den chuimsiú sóisialta é an t-athshlánú cuimsitheach. Sa phróiseas athshlánaithe, cuidíonn saoráidí athshlánaithe gairme le daoine a bhfuil riachtanais bhreise tacaíochta acu chun bacainní a shárú, go príomha maidir le rochtain a fháil ar fhostaíocht, í a choinneáil nó filleadh ar fhostaíocht. Cuidíonn sé sin le daoine aonair atá ag filleadh ar an obair, chomh maith leis na daoine sin faoi mhíchumas nár tháinig isteach sa mhargadh saothair go fóill.

27. Tá gá le cur chuige duinelárnach agus iomlánaíoch i bpróiseas athshlánaithe daoine faoi mhíchumas. Ba cheart tús a chur leis an bpróiseas sin a luaithe is féidir, le measúnú tapa agus mionsonraithe ar riachtanais shonracha an duine lena mbaineann, i bhfoireann ildisciplíneach ina mbeidh an duine sin rannpháirteach, agus ba cheart foráil a dhéanamh dó chomh fada agus is gá.

**IARRANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AR NA BALLSTÁIT, I gCOMHRÉIR LENA nINNIÚLACHTAÍ NÁISIÚNTA AGUS AIRD Á TABHAIRT AR IMTHOSCA NÁISIÚNTA AGUS RÓL AGUS NEAMHSPLEÁCHAS NA gCOMHPHÁIRTITHE SÓISIALTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

28. Bearta a ghlacadh, lena n-áirítear spriocanna náisiúnta cáilíochtúla nó cainníochtúla a shocrú, chun ráta fostaíochta daoine faoi mhíchumas a mhéadú chun an bhearna idir rátaí fostaíochta daoine faoi mhíchumas agus daoine nach bhfuil faoi mhíchumas a laghdú, agus chun rannchuidiú le cuspóir an mhéid ghaolmhair a d'iarr an Coimisiún i Straitéis an Aontais um Míchumas.

29. Príomhshruthú an mhíchumais agus cur chuige neamh-idirdhealaitheach a chur chun cinn sna réimsí beartais ábhartha chun riachtanais shonracha daoine faoi mhíchumas a chur san áireamh agus a n-acmhainneacht sa gheilleagar agus sa tsochaí ina n-iomláine a bhaint amach.

30. An soláthar seirbhísí príomhshrutha sóisialta agus tacaíochta atá ar ardchaighdeán, cuimsitheach, inrochtana agus inacmhainne a neartú, i gcás inar gá, agus a áirithiú go bhfreagróidh na seirbhísí sin do cheanglais cháilíochta atá bunaithe ar chearta an duine.

31. Rochtain a thabhairt ar phróisis lena dtacaítear leis an aistriú idir oideachas agus oiliúint agus an margadh saothair oscailte, agus freisin idir fostaíocht dhídeanach agus rannpháirtíocht oscailte daoine faoi mhíchumas sa mhargadh saothair, agus an rochtain sin a chur chun cinn, agus aird ar leith á tabhairt ar threoir ar feadh an tsaoil agus, nuair is féidir, ar thacaíocht leanúnach phearsantaithe. I ndáil leis an méid sin, rannpháirtíocht na bpríomhghníomhaithe a chur chun cinn, mar shampla comhpháirtithe sóisialta nó seirbhísí poiblí fostaíochta. A áirithiú go mbeidh na próisis earcaíochta inrochtana agus cuimsitheach, agus go mbeidh na meastóireachtaí feidhmíochta cothrom, neamhchlaonta, agus bunaithe ar chumais agus ar ghnóthachtálacha an duine aonair.

32. Na creataí náisiúnta maidir le freastal réasúnta a neartú, i gcás inar gá, agus iad a ailíniú le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, i gcás inar gá.

33. Cur chun feidhme na dtreoirlínte uile faoin bPacáiste Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas a chur chun cinn; tacú le fostóirí bacainní ar fhreastal réasúnta a shainaithint agus a mheasúnú, chomh maith le bearta iomchuí a d'fhéadfadh a bheith ann chun iad a bhaint ar bhealach éifeachtach.

34. Bearta oideachais agus múscailte feasachta chomh maith le cláir éagsúlachta a chur chun cinn, go háirithe i measc fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus iad a chur ar an eolas faoi na cláir chistiúcháin agus tacaíochta atá ar fáil.

35. Fostaíocht daoine faoi mhíchumas i margadh saothair cuimsitheach oscailte a chur chun cinn trí chóir chomhionann a chothú agus trí thacú leis an bhféidearthacht agus leis na deiseanna leas a bhaint as socruithe solúbtha oibre (mar shampla uaireanta oibre solúbtha, fostaíocht pháirtaimseartha, teilea-obair, fostaíocht thionscadalbhunaithe nó postroinnt, fiú) lena soláthraítear dálaí oibre pearsantaithe agus solúbthacht, le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta, agus a neamhspleáchas á urramú ag an am céanna.

36. Féachaint an bhféadfaí seirbhísí cuimsitheacha athshlánaithe a fhorbairt agus a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas trí na gnéithe seo a leanas a mheas:

a. tacaíonn na seirbhísí sin le rannpháirtíocht daoine faoi chumas sa tsochaí – agus go háirithe lena bhfostaíocht – agus riachtanais aonair á gcur san áireamh ag an am céanna;

b. comhar i measc réimsí ábhartha beartais, mar shampla réimse na sláinte, an réimse sóisialta, réimse an oideachais, na hoiliúna, na gairmoiliúna agus na fostaíochta chun go gcuirfidh gach ceann acu lena chéile ar bhealach trédhearcach agus tacú le cuimsiú daoine faoi mhíchumas, agus aird chuí á tabhairt dá riachtanais shonracha aonair;

c. seirbhísí ar ardchaighdeán atá inrochtana agus inacmhainne a chur ar fáil do gach duine faoi mhíchumas chomh maith le teicneolaíochtaí cúnta, i gcás inar gá;

d. acmhainneachtaí nua a shainaithint agus a chur chun cinn;

e. rannpháirtíocht ghníomhach éifeachtach na bpáirtithe leasmhara a chur chun cinn, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha, maidir le seirbhísí cuimsitheacha athshlánaithe a dhearadh agus a fhorbairt.

37. Ról an gheilleagair shóisialta a neartú agus, go sonrach, ról na bhfiontar sóisialta, a rannchuidíonn le cuimsiú daoine faoi mhíchumas i margadh an tsaothair, i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir le creat dálaí a fhorbairt don gheilleagar sóisialta.

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN EORPACH, I gCOMHRÉIR LEIS NA hINNIÚLACHTAÍ ATÁ ACU FAOI SEACH, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

38. Feabhas a chur, de réir mar is gá, ar bhailiú sonraí maidir le dálaí maireachtála agus oibre daoine faoi mhíchumas, agus ar shonraí imdhealaithe mar a iarrtar i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, lena n-áirítear faisnéis faoi athshlánú agus fostaíocht sa mhargadh saothair oscailte, agus maidir le socruithe malartacha freisin.

39. Leanúint den taithí a fuarthas agus de dhea-chleachtais a mhalartú le heagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta tríd an ardán Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, a mhéid a bhaineann le tacú le fostaíocht daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn go héifeachtach, freastal réasúnta a chur chun feidhme, reachtaíocht inrochtaineachta a chomhlíonadh, agus athshlánú cuimsitheach daoine faoi mhíchumas.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

40. Tuarascáil a ullmhú in 2024 ina ndéanfar measúnú ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na Straitéise maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas mar obair leantach ar an gcomhar agus ar an dlúthchomhairliúchán leis na Ballstáit tríd an ardán Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, agus, má mheastar gur gá sin bunaithe ar thorthaí na tuarascála, an Straitéis a thabhairt cothrom le dáta.

41. I gcomhthéacs chur chun feidhme breise na Straitéise:

   a. scrúdú a dhéanamh, sa bhreis ar fhostaíocht, ar conas is féidir cur chun feidhme éifeachtach an fhreastail réasúnta a chur chun cinn i réimsí eile den saol;

   b. scrúdú a dhéanamh ar conas is féidir dlús a chur le baint na mbacainní ar rochtain atá ann cheana, agus feabhas a chur inrochtaineacht an ionaid oibre, an chórais iompair agus teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide;

   c. machnamh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a sheoladh darb aidhm cuidiú le fostóirí tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais daoine faoi mhíchumas agus freastal níos fearr a dhéanamh orthu chun a rannpháirtíocht agus a gcuimsiú a áirithiú.

42. Faireachán a dhéanamh ar stádas fostaíochta daoine faoi mhíchumas agus foghlaim fhrithpháirteach maidir le dúshláin, taithí agus dea-chleachtais sna Ballstáit a éascú, lena n-áirítear i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Ina theannta sin, scrúdú a dhéanamh ar bhealaí chun fostaíocht oscailte daoine faoi mhíchumas sa mhargadh saothair a chur chun cinn ar bhealach níos fearr trí chur chuige trasnach, go háirithe do mhná faoi mhíchumas.

**IARRANN SÍ AR AN gCOISTE FOSTAÍOCHTA AGUS AR AN gCOISTE UM CHOSAINT SHÓISIALTA AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

43. Bailiú sonraí inchomparáide a chur chun cinn maidir le dálaí maireachtála agus oibre daoine faoi mhíchumas agus táscairí an Aontais á bhforbairt a thuilleadh ag an am céanna.

44. Piarfhoghlaim a chur chun cinn agus dea-chleachtais a shainaithint sna Ballstáit a mhéid a bhaineann le míchumas, lena n-áirítear i réimse na fostaíochta agus an fhreastail réasúnta agus i dtaobh forbairt agus meastóireacht a dhéanamh ar sheirbhísí cuimsitheacha athshlánaithe chomh maith le seirbhísí agus cláir um maireachtáil go neamhspleách nó sa phobal.

## Tagairtí

### 1. Leibhéal idirinstitiúideach an Aontais

Colún Eorpach na gCeart Sóisialta
https://commission.europa.eu/publications/european-pillar-social-rights-booklet_en

### 2. Reachtaíocht an Aontais

Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha,
IO L 303, 2.12.2000, lgh. 16-22.

Treoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le hinrochtaineacht na suíomhanna gréasáin agus na bhfeidhmchlár móibíleach ag comhlachtaí na hearnála poiblí,
IO L 327, 2.12.2016, lgh. 1-15.

Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí,
IO L 151, 7.6.2019, lgh. 70-115.

### 3. Comhairle an Aontais Eorpaigh

Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Straitéis um Chearta Daoine faoi mhíchumas, 2021-2030 (9749/1/21 REV 1)

Conclúidí ón gComhairle maidir le daoine faoi mhíchumas a chuimsiú sa mhargadh saothair (15134/22)

Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 20/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa – 'Tacaíocht a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas' (16613/23)

Moladh ón gComhairle an 27 Samhain 2023 maidir le creatdálaí geilleagair shóisialta a fhorbairt (C/2023/1344)

**4. Parlaimint na hEorpa**

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Nollaig 2022 i dtreo cearta comhionanna do dhaoine faoi mhíchumais (2022/2026(INI))

**5. An Coimisiún Eorpach**

Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach dar teideal *A Union of Equality:Strategy for the Rights of Persons with Disabilities 2021-2030* [Aontas an Chomhionannais: Straitéis um Chearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030], COM(2021)101 final

An Pacáiste Fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas chun torthaí mhargadh an tsaothair a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas
https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=1597&langId=ga

Freastal réasúnta ag an obair - Treoirlínte agus dea-chleachtais
https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=738&langId=en&pubId=8612&furtherPubs=yes

Treoirlínte maidir le scéimeanna éifeachtacha athshlánaithe gairme lena gcumhdaítear galair a fhaightear go minic agus cineálacha tionóiscí a tharlaíonn go minic
https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=1597&langId=ga

Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal 'Ganntanais saothair agus scileanna san Aontas Eorpach: plean gníomhaíochta' (COM(2024) 131 final)

**6. Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa**

Tuairim: Lánpháirtiú sóisialta daoine faoi mhíchumas – Lánpháirtiú sóisialta daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil laghdú ar a gcumas oibre a chur chun cinn (SOC/807)

**7. Na Náisiúin Aontaithe**

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas

Barúil ghinearálta Uimh. 8 (2022) ó Choiste Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas maidir leis an gceart atá ag daoine faoi mhíchumas chun obair a dhéanamh agus chun fostaíochta

Barúil Ghinearálta Uimh. 2 (2014) ó Choiste Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas maidir le hInrochtaineacht

8. **Eurostat**

Staitisticí maidir le míchumas tugtha isteach – Míniú ar Staidreamh Eurostat:

https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Disability_statistics_introduced#Disability_models